# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Samhradh 2016

**Paráid Lá Fhéile Pádraig**



Ghlac muid páirt sa bparáid ar an gCeathrú Rua arís i mbliana agus fuair muid an chéad áit sa gcomórtas scoile arís!!! Fuair muid €100. Bhí muid uilig gléasta mar shaighdiúirí ó 1916. Go raibh míle maith agaibh le na tuismitheoirí a rinne na cultacha.

**Céad Fhaoistín 7/4/16**



Comhghairdeas le Rang a 2 a rinne a gcéad fhaoistín sa séipéal.

**Scríobh Leabhar 2016**

Comhghairdeas le na buaiteoirí Scríobh Leabhar i mbliana: Brandon, Róisín, Diarmad, Cian B agus Eoin, Caoimhe F, Éabha agus Tomás Óg!! Fair play daoibh!

**Ciliméadar gach Lá**

Thosaigh muid 1K a dhéanamh gach lá le na gasúir an téarma seo. Déanann na gasúir cúrsa timpeall na scoile 6 huaire. Tá na gasuir ag fáil i bhfad níos aclaí agus tá siad in ann díriú isteach ar a gcuid oibre sa rang níos mó anois!!! Tháinig feabhas mór mílteach ar na gasúir agus tá siad faighte i bhfad níos sciobtha!

**Seachtain Scoile Ghníomhaí 25-29 Aibreán**

Ghlac muid páirt i Seachtain Scoile Ghníomhaí i mbliana. Rinne na gasúir gníomhaíocht difriúil gach lá: ag tógáil ciceanna pionóise, ag caitheamh buataise agus ag caitheamh liathróide. Bhí 'circuit' againn
taobh amuigh. Bhí stáisiúin cispheile, peile, obstacle course, caitheamh fáinní srl ann.  Ar an gCéadaoin mhúin  Rang 5 dhá  dhamhsa don scoil uilig. Agus ar an Déardaoin bhí rásaí (relays) againn le liathróidí, fáinní,tralaithe srl. Bhí an-

chraic againn agus bhí muid uilig an-tuirseach ina dhiaidh sin!



**Féile Scoil Drámaíocht**

Bhuaigh Rang Shíle an Fhéile Scoil Drámaíochta Náisiúnta le 'Scéalta Beaga 1916' !! Piocadh seisear den rang as hata le dul suas chuig Baile Átha Cliath le haghaidh an cupán a bhailiú. Chuaigh muid suas ar an treain chuig Páirc an Chrócaigh. Chonaic muid an GPO agus Sráid Uí Chonaill. Nuair a tháinig muid ar ais bhí ceol agus BBQ ag an scoil agus balúin curtha suas timpeall Ros a Mhíl uilig!!!






**Céad Chomaoineach 7/5/16**

Rinne Caoimhe, Ciarán, Diarmad, Elisha, Keelan McD, Keelan Ó G agus Paul a gCéad Chomaoineach. Bhí lá fíor-speisialta acu agus bhí siad uilig ag breathnú go hálainn! Comhghairdeas!



**Blitz Peile 10/5/16**

Chuaigh an scoil uilig go dtí Páirc an Mháimín le haghaidh blitz peile a dhéanamh le scoileanna beaga eile sa gceantar. Bhí an-lá againn!

**Lá Seirbhísí Éigeandála 20/5/16**



Chuaigh an scoil uilig sios chuig Páirc Ros a' Mhíl chun na feithíclí éigeandála a fheiceáil. Chonaic muid bád agus héileacaptar an Garda Chósta, cúpla ineall dóiteán agus otharcharranna. Bhí sé iontach!

**Turais Scoile**

Bhí turas an-speisialta ag na hArdranganna i mbliana. Chuaigh siad go dtí Baile Átha Cliath. Bhí siad ag an Zú, ag an GPO, ag an Músaem Stair an Dúlra agus bhí lón acu i Supermacs. Bhí lá an-

fhada ach bhí siad breá sásta!






Chuaigh N.Bh- R2 go dtí an 'Slieve Aughty Centre' i mBaile Loch an Riach. Bhí siad ag breathnú ar an bhfeirm, ag déanamh ealaíne agus ag marcaíocht ar chapaill! Bhí lón pancóga acu freisin!!





**Lá Spóirt 17/6/16**

Bhí Lá Spóirt againn Dé hAoine seo caite. Bhí go leor rásaí againn: fata is spunóg, mála, 3 chois. Ansin bhí relays againn: ritheacht, beanbag, ag gléasadh suas, bata agus liathróid agus rás an Spacehopper. Bhí na gasúir uilig tuirseach ina dhiaidh!

Go raibh míle maith agat le Rang 5 a thug cúnamh ar an lá.





**Slán le Múinteoir Ailbhe!**

Tá Múinteoir Ailbhe ag imeacht uainn. Bhí sí anseo ó Mhí Feabhra agus rinne sí go leor le na gasúir. Míle buíochas a Ailbhe agus go n-éirí leat!

*Tá súil againn go mbeidh Samhradh iontach agaibh agus bainigí sult as an sos. Ag guí Samhradh Shona oraibh ar fad.*

*Foireann na Scoile*